**Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dliteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú**

# ►B RIALACHÁN (CE) Uimh. 716/2007 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**an 20 Meitheamh 2007**

**maidir le staidreamh Comhphobail i ndáil le struchtúr agus le gníomhaíocht fiontar cleamhnaithe coigríche**

**(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)**

(IO L 171, 29.6.2007, lch. 17)

Arna leasú le:

| | | Iris Oifigiúil | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Uimh | Leathanach | Dáta |
| ►M1 | Commission Regulation (EC) No 747/2008 of 30 July 2008 (*) | L 202 | 20 | 31.7.2008 |
| ►M2 | Council Regulation (EU) No 517/2013 of 13 May 2013 (*) | L 158 | 1 | 10.6.2013 |

(*) Níor foilsíodh an gníomh seo i nGaeilge.

▼B

**RIALACHÁN (CE) Uimh. 716/2007 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an 20 Meitheamh 2007**

**maidir le staidreamh Comhphobail i ndáil le struchtúr agus le gníomhaíocht fiontar cleamhnaithe coigríche**

**(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)**

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Bunaítear leis an Rialachán seo creat comhchoiteann chun staidreamh Comhphobail a tháirgeadh go córasach i ndáil le struchtúr agus le gníomhaíocht fiontar cleamhnaithe coigríche.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críche an Rialacháin seo, is iad na sainmhínithe seo a leanas is infheidhme:

(a) ciallóidh 'fiontar cleamhnaithe coigríche' fiontar a bhfuil cónaí air sa tír tiomsaithe atá á rialú ag aonad institiúideach nach bhfuil cónaí air sa tír tiomsaithe, nó fiontar nach bhfuil cónaí air sa tír tiomsaithe atá á rialú ag aonad institiúideach a bhfuil cónaí air sa tír tiomsaithe;

(b) ciallóidh 'rialú' an cumas beartas ginearálta fiontair a chinneadh trí stiúrthóirí cuí a roghnú, más gá. Sa chomhthéacs seo, meastar go bhfuil fiontar A á rialú ag aonad institiúideach B nuair a bhíonn breis agus leath de chumhacht vótála na ngeallsealbhóirí nó breis agus leath na scaireanna á rialú ag B, go díreach nó go hindíreach;

(c) ciallóidh 'rialú coigríche' go bhfuil cónaí ar an aonad institiúideach rialaitheach i dtír eile seachas an tír a bhfuil cónaí ar an aonad institiúideach atá á rialú aige ann;

(d) ciallóidh 'brainsí' aonaid áitiúla nach eintitis dhlíthiúla ar leith iad, atá ag brath ar fhiontair atá faoi rialú coigríche. Pléitear leo amhail fiontair shamhailchorporáideacha de réir bhrí phointe 3(f) de na Nótaí Mínitheacha atá le Rannóg III (B) den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 696/93;

(e) ciallóidh 'staidreamh faoi fhiontair chleamhnaithe choigríche' staidreamh ina ndéanfar cur síos ar ghníomhaíocht fhoriomlán fiontar cleamhnaithe coigríche;

(f) ciallóidh 'staidreamh isteach i ndáil le fiontair chleamhnaithe choigríche' staidreamh ina ndéantar cur síos ar ghníomhaíocht fiontar cleamhnaithe coigríche a bhfuil cónaí orthu sa tír tiomsaithe;

(g) ciallóidh 'staidreamh amach i ndáil le fiontair chleamhnaithe choigríche' staidreamh ina ndéantar cur síos ar ghníomhaíocht fiontar cleamhnaithe coigríche thar lear atá á rialú ag aonad institiúideach a bhfuil cónaí air sa tír tiomsaithe;

▼B

(h) ciallóidh 'aonad institiúideach rialaithe deiridh fiontair chleamhnaithe choigríche' an t-aonad institiúideach, ag dul ó bhun go barr slabhra rialaithe fiontair chleamhnaithe choigrícheaníos, nach bhfuil aonad institiúideach eile á rialú;

(i) beidh an bhrí chéanna le 'fiontar', 'aonad áitiúil' agus 'aonad institiúideach' agus atá le gach ceann acu i Rialachán (CEE) Uimh. 696/93.

*Airteagal 3*

**Sonraí a chur isteach**

Cuirfidh na Ballstáit sonraí faoi fhiontair chleamhnaithe choigríche i ndáil leis na saintréithe, leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus leis an miondealú geografach dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, in Iarscríbhinn II agus in Iarscríbhinn III faoi bhráid an Choimisiúin (Eurostat).

*Airteagal 4*

**Foinsí sonraí**

1. Agus na coinníollacha maidir le cáilíocht dá dtagraítear in Airteagal 6 á gcomhlíonadh acu, déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá faoin Rialachán seo a bhailiú, ag úsáid na bhfoinsí uile a mheasann siad atá ábhartha agus is iomchuí.

2. Maidir leis na pearsana nádúrtha agus leis na pearsana dlítheanacha ar gá dóibh faisnéis a chur ar fáil, cloífidh siad, ag freagairt dóibh, leis na teorainneacha ama agus leis na sainmhínithe a shocróidh na hinstitiúidí náisiúnta atá freagrach as sonraí a bhailiú sna Ballstáit i gcomhréir leis an Rialachán seo.

3. I gcás nach bhféadfar na sonraí a bhfuil gá leo a bhailiú ar chostas réasúnta, féadfar na meastacháin is fearr, lena n-áirítear luachanna nialais, a tharchur.

*Airteagal 5*

**Treoirstaidéir**

1. Déanfaidh an Coimisiún clár treoirstaidéar a dhréachtú a chuirfidh údaráis náisiúnta i gcrích laistigh de bhrí Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ar bhonn deonach maidir le hathróga breise agus maidir le miondealuithe breise do staidreamh isteach agus amach faoi fhiontair chleamhnaithe choigríche.

2. Déanfar na treoirstaidéir chun measúnú a dhéanamh ar a ábhartha agus a indéanta atá sé sonraí a bhailiú, agus na buntáistí á gcur san áireamh a bhaineann lena mbeith ar fáil, le hais an chostais a bhaineann leis an gcóras staidrimh agus le hais an ualaigh a chuirtear ar na fiontair.

3. Beidh clár treoirstaidéar an Choimisiúin comhchuí le hIarscríbhinn I agus le hIarscríbhinn II.

4. Ar bhonn chonclúidí na dtreoirstaidéar, glacfaidh an Coimisiún na bearta cur chun feidhme is gá maidir le staidreamh isteach agus amach i ndáil le fiontair chleamhnaithe choigríche i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 10(3).

5. Críochnófar na treoirstaidéir faoin 19 Iúil 2010.

▼B

*Airteagal 6*

**Caighdeáin cáilíochta agus tuairiscí cáilíochta**

1. Glacfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá chun cáilíocht na sonraí a tharchuirtear a chinntiú i gcomhréir le caighdeáin chomhchoiteanna cáilíochta.

2. Cuirfidh na Ballstáit tuarascáil ar fáil don Choimisiún (Eurostat) faoi cháilíocht na sonraí a tharchuirfear (tuarascálacha cáilíochta).

3. Sonróidh an Coimisiún na caighdeáin chomhchoiteanna cáilíochta chomh maith le hábhar agus le tréimhsiúlacht na dtuarascálacha cáilíochta i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 10(3).

4. Déanfaidh an Coimisiún cáilíocht na sonraí a tharchuirfear a mheas.

*Airteagal 7*

**Lámhleabhar moltaí**

Foilseoidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, lámhleabhar moltaí ina mbeidh na sainmhínithe ábhartha agus treoir bhreise faoin staidreamh Comhphobail a táirgeadh de bhun an Rialacháin seo.

*Airteagal 8*

**Amchlár agus maoluithe**

1. Tiomsóidh na Ballstáit na sonraí de réir an amchláir cur chun feidhme a shonraítear in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II.

2. I rith idirthréimhse nach rachaidh thar cheithre bliana ón gcéad bhliain tagartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II, is féidir leis an gCoimisiún maoluithe ar fhorálacha an Rialacháin seo a dheonú do na Ballstáit ar feadh tréimhse teoranta de réir an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 10(2) nuair a bheidh oiriúnuithe móra le déanamh ar a gcórais náisiúnta.

*Airteagal 9*

**Bearta cur chun feidhme**

1. Glacfar na bearta seo a leanas chun an Rialachán seo a chur chun feidhme de réir an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 10(2):

(a) an fhormáid agus an nós imeachta iomchuí a leagan amach maidir le tarchur torthaí ó na Ballstáit,

agus

(b) maoluithe a dheonú do na Ballstáit nuair a bheidh oiriúnuithe móra le déanamh ar a gcórais náisiúnta, lena n-áirítear maoluithe a dheonú ó aon cheanglais nua de thoradh treoirstaidéar, de bhun Airteagal 8(2).

▼B

2. Glacfar na bearta seo a leanas a ceapadh chun gnéithe neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, lena n-áirítear forlíonadh a dhéanamh air, i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 10(3):

(a) oiriúnú a dhéanamh ar na sainmhínithe in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn I, oiriúnú a dhéanamh ar leibhéal an mhionsonraithe in Iarscríbhinn III, agus aon athruithe a theastódh dá bharr sin a dhéanamh ar Iarscríbhinn I agus ar Iarscríbhinn II;

(b) torthaí na dtreoirstaidéar a chur chun feidhme, de bhun Airteagal 5(4);

agus

(c) sainmhíniú a dhéanamh ar chaighdeáin chomhchoiteanna cáilíochta iomchuí agus ar ábhar agus ar thréimhsiúlacht na dtuarascálacha cáilíochta, de bhun Airteagal 6(3).

3. Tabharfar aird ar leith ar an bprionsabal go gcaithfidh buntáistí beart dá leithéid an costas a bhaineann leo a shárú, agus ar an bprionsabal gur cheart nach rachadh an t-ualach breise airgeadais a bheadh ar na Ballstáit ná ar fhiontair thar theorainn réasúnta.

*Airteagal 10*

**An Coiste**

1. Beidh an Coiste um an gClár Staidrimh (an Coiste) de chúnamh ag an gCoimisiún.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

Trí mhí a bheidh sa tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 5(6) de Chinneadh 1999/468/CE.

3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5a(1) go (4) agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

4. Féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach agus na bainc cheannais náisiúnta freastal ar chruinnithe an Choiste mar bhreathnóirí.

*Airteagal 11*

**Comhar leis an gCoiste um Staidreamh Airgeadaíochta, Airgeadais agus Chomhardú na nÍocaíochtaí**

Agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, lorgfaidh an Coimisiún tuairim an Choiste um Staidreamh Airgeadaíochta, Airgeadais agus Chomhardú na nÍocaíochtaí faoi gach ábhar a thagann faoi raon feidhme an choiste sin, go háirithe faoi na bearta oiriúnaithe uile d'fhorbairtí eacnamaíocha agus teicniúla a bhaineann le bailiú agus le próiseáil staidreamh sonraí, agus le próiseáil agus le tarchur torthaí.

▼B

*Airteagal 12*

**Tuairisc ar chur chun feidhme**

Faoin 19 Iúil 2012, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Parlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle faoi chur chun feidhme an Rialacháin seo. Is é seo a leanas, go háirithe, a dhéanfaidh an tuarascáil sin:

(a) cáilíocht an staidrimh a táirgeadh a mheas;

(b) na sochair a mheas a d'fhabhraigh don Chomhphobal, do na Ballstáit, do sholáthraithe agus d'úsáideoirí faisnéise staidrimh de bharr an staidrimh a táirgeadh, le hais na gcostas a bhain leis;

(c) dul chun cinn na dtreoirstaidéar agus a gcur chun feidhme a mheas;

agus

(d) réimsí a shainaithint a d'fhéadfaí a fheabhsú agus leasuithe a mheastar atá riachtanach i bhfianaise na dtorthaí a fuarthas agus na gcostas a bhí i gceist.

*Airteagal 13*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis a fhoilsithe in *Irisleabhar Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

▼B

*IARSCRÍBHINN I*

**MODÚL COMHCHOITEANN MAIDIR LE STAIDREAMH ISTEACH I nDÁIL LE FIONTAIR CHLEAMHNAITHE CHOIGRÍCHE**

ROINN 1

**An tAonad Staidrimh**

Is iad na haonaid staidrimh na fiontair agus na brainsí uile atá faoi rialú coigríche de réir na sainmhínithe atá in Airteagal 2.

▼M1

SECTION 2

**Characteristics**

The following characteristics as defined in the Annex to Commission Regulation (EC) No 2700/98 of 17 December 1998 concerning the definitions of characteristics for structural business statistics [1] will be compiled:

| Code | Title |
|---|---|
| 11 11 0 | Number of enterprises |
| 12 11 0 | Turnover |
| 12 12 0 | Production value |
| 12 15 0 | Value added at factor cost |
| 13 11 0 | Total purchases of goods and services |
| 13 12 0 | Purchases of goods and services purchased for resale in the same condition as received |
| 13 31 0 | Personnel costs |
| 15 11 0 | Gross investment in tangible goods |
| 16 11 0 | Number of persons employed |

The following characteristics will also be compiled by Member States for the 2009 reference year and subsequent years:

| Code | Title and definition |
|---|---|
| 22 11 0 | Total intramural R&D expenditure (*)<br>Research and experimental development comprise creative work undertaken on a systematic basis in order to increase the stock of knowledge, including of man, culture and society, and the use of this stock of knowledge to devise new applications.<br>Intramural expenditures are all expenditures for R&D (research and development) performed within the unit, regardless of the source of funds.<br>R&D must be distinguished from expenditures for a wide range of related activities. The following are therefore excluded from R&D expenditure:<br>— expenditures on education and training,<br>— expenditures on other scientific and technological activities (e.g. information services, testing and standardisation, feasibility studies),<br>— expenditures on other industrial activities (e.g. industrial innovations n.e.s.), |

[1] OJ L 344, 18.12.1998, p. 49. Regulation as last amended by Regulation (EC) No 1670/2003 (OJ L 244, 29.9.2003, p. 74).

▼M1

| Code | Title and definition |
| --- | --- |
| | — expenditures on purely financing activities (other administrations and other indirect supporting activities are included).<br><br>Research and development expenditure may, depending upon national laws, be recorded in one of three places: movements in intangible assets, movements in tangible assets or operating expenditure.<br><br>If under national law it may be partly or completely capitalised the expenditure is included in the movement of the intangible assets included in company accounts under *Fixed assets — intangible assets — costs of research and development*.<br><br>If under national law it is only partially capitalised or not capitalised at all, the current expenditure is part of *Raw materials and consumables, other external charges, staff costs* and other operating charges and the capital expenditure is included in the movement of the tangible assets included in company accounts under *Fixed assets — tangible assets*. |
| 22 12 0 | Total number of R&D personnel (*)<br><br>Research and experimental development comprise creative work undertaken on a systematic basis in order to increase the stock of knowledge, including knowledge of man, culture and society, and the use of this stock of knowledge to devise new applications.<br><br>All persons employed directly on research & development (R&D) should be counted, as well as those providing direct services such as R&D managers, administrators and clerical staff. Those persons providing an indirect service, such as canteen and security staff, should be excluded, even though their wages and salaries are included as an overhead in the measurement of expenditure.<br><br>R&D personnel must be distinguished from personnel for a wide range of related activities. The following are therefore excluded from R&D personnel:<br><br>— Personnel employed on education and training,<br><br>— Personnel employed on other scientific and technological activities (e.g. information services, testing and standardisation, feasibility studies),<br><br>— Personnel employed on other industrial activities (e.g. industrial innovations n.e.s.),<br><br>— Personnel employed on administration and other indirect supporting activities.<br><br>*Link to company accounts*<br><br>The total number of research and development personnel may not be isolated in company accounts. It is part of the number of persons employed which is recorded in the notes on the company accounts (Article 43(8)).<br><br>*Link to other variables*<br><br>Part of the *number of persons employed* (16 11 0). |

(*) Variables 22 11 0 and 22 12 0 shall be reported every second year. If the total amount of turnover or the number of persons employed in a division of NACE Rev. 2 Sections B to F represents, in a Member State, less than 1 % of the Community total, the information necessary for the compilation of statistics relating to characteristics 22 11 0 and 22 12 0 need not be collated for the purposes of this Regulation.

▼M1

If the number of persons employed is not available, the number of employees (code 16 13 0) will be compiled instead.

Characteristics 'total intramural R&D expenditure' (code 22 11 0) and 'total number of R&D personnel' (code 22 12 0) are only required to be compiled for activities in NACE sections B, C, D, E and F. Up to reference year 2009, Member States will compile these characteristics as defined in the Annex to Commission Regulation (EC) No 2700/98 of 17 December 1998.

For NACE section K only the number of enterprises, turnover [1] and the number of persons employed (or the number of employees instead) will be compiled.

▼B

ROINN 3

**Leibhéal an mhionsonraithe**

Cuirfear sonraí ar fáil de réir choincheap an 'aonaid institiúidigh rialaithe dheiridh' le miondealú geografach ar leibhéal 2-ISTEACH á chomhcheangal le miondealú gníomhaíochta ar leibhéal 3 mar a shonraítear in Iarscríbhinn III agus miondealú geografach ar leibhéal 3 á chomhcheangal le Geilleagar Gnó.

ROINN 4

**An chéad bhliain tagartha agus tréimhsiúlacht**

1. Is í an bhliain féilire a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an chéad bhliain tagartha a ndéanfar staidreamh bliantúil a thiomsú ina leith.

2. Cuirfidh na Ballstáit sonraí ar fáil do gach bliain féilire ina dhiaidh sin.

3. Is é 2007 an chéad bhliain tagartha a dtiomsófar na hathróga a bhaineann le caiteachas inmheánach iomlán ar T&F (cód 22 11 0) agus le líon iomlán an phearsanra T&F (cód 22 12 0) ina leith.

ROINN 5

**Torthaí a tharchur**

Tarchuirfear na torthaí laistigh de 20 mí ó dheireadh na bliana tagartha.

ROINN 6

**Tuarascálacha agus treoirstaidéir**

1. Cuirfidh na Ballstáit tuarascáil ar fáil don Choimisiún maidir le sainmhíniú, struchtúr agus infhaighteacht na sonraí staidrimh a bheidh le tiomsú chun críocha an mhodúil chomhchoitinn seo.

2. Do leibhéal an mhionsonraithe a chlúdaíonn an Iarscríbhinn seo, tionscnóidh an Coimisiún treoirstaidéir a chuirfidh údaráis náisiúnta de réir bhrí Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 322/97 i gcrích de bhun Airteagal 5 den Rialachán seo.

3. Déanfar na treoirstaidéir chun measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé sonraí a fháil, agus na buntáistí á gcur san áireamh a bhaineann lena mbeith ar fáil, le hais an chostais a bhaineann lena mbailiú agus le hais an ualaigh a chuirtear ar lucht gnó.

(1) For NACE Rev. 2 division 64 turnover will be replaced by production value.

▼B

4. Déanfar treoirstaidéir i ndáil leis na saintréithe seo a leanas:

| Cód | Teideal |
|---|---|
| | Onnmhairithe earraí agus seirbhísí |
| | Allmhairithe earraí agus seirbhísí |
| | Onnmhairithe inghrúpa earraí agus seirbhísí |
| | Allmhairithe inghrúpa earraí agus seirbhísí |

Miondealófar onnmhairithe, allmhairithe, onnmhairithe inghrúpa agus allmhairithe inghrúpa ina n-earraí agus ina seirbhísí.

5. Déanfar treoirstaidéir freisin chun staidéar a dhéanamh ar a indéanta agus atá sé sonraí a thiomsú do ghníomhaíochtaí i ranna M, N agus O de NACE agus na hathróga caiteachas inmheánach iomlán ar T&F (cód 22 11 0) agus líon iomlán an phearsanra T&F (cód 22 12 0) a thiomsú do gníomhaíochtaí i ranna G, H, I, K, M, N agus O de NACE. Déanfar treoirstaidéir freisin chun measúnú a dhéanamh ar a ábhartha agus ar a indéanta atá sé na sonraí a mhiondealú mar a shonraítear i roinn 2 i ranganna méide á dtomhas i dtéarmaí líon na ndaoine atá fostaithe, agus ar na costais a bhaineann leis seo.

▼B

*IARSCRÍBHINN II*

**MODÚL COMHCHOITEANN MAIDIR LE STAIDREAMH AMACH I nDÁIL LE FIONTAIR CHLEAMHNAITHE CHOIGRÍCHE**

ROINN 1

**An tAonad Staidrimh**

Is iad na haonaid staidrimh na fiontair agus na brainsí uile thar lear atá á rialú ag aonad institiúideach a bhfuil cónaí air sa tír tiomsaithe, de réir na sainmhínithe in Airteagal 2.

ROINN 2

**Saintréithe**

Tiomsófar na saintréithe seo a leanas, mar a shainmhínítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2700/98 iad:

| Cód | Teideal |
|---|---|
| 12 11 0 | Láimhdeachas |
| 16 11 0 | Líon na ndaoine atá fostaithe |
| 11 11 0 | Líon na bhfiontar |

Mura mbeidh líon na ndaoine atá fostaithe ar fáil, tiomsófar líon na bhfostaithe (cód 16 13 0) ina ionad.

ROINN 3

**Leibhéal an mhionsonraithe**

Cuirfear sonraí ar fáil agus mionsonrú á dhéanamh de réir na tíre a bhfuil an fiontar cleamhnaithe coigríche a shonraítear in Iarscríbhinn III suite ann agus de réir ghníomhaíocht an fhiontair sin. Comhcheanglófar an mionsonrú de réir na tíre a bhfuil an fiontar suite ann agus an mionsonrú de réir gníomhaíochta mar seo a leanas:

— Leibhéal 1 den mhiondealú geografach á chomhcheangal le Leibhéal 2 den mhiondealú de réir gníomhaíochta;

— Leibhéal 2-AMACH den mhiondealú geografach á chomhcheangal le Leibhéal 1 den mhiondealú de réir gníomhaíochta;

— Leibhéal 3 den mhiondealú geografach á chomhcheangal le sonraí faoi ghníomhaíocht chomhiomlán amháin.

ROINN 4

**An chéad bhliain tagartha agus tréimhsiúlacht**

1. Is í an bhliain féilire a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an chéad bhliain tagartha a ndéanfar staidreamh bliantúil a thiomsú ina leith.

2. Cuirfidh na Ballstáit sonraí ar fáil do gach bliain féilire ina dhiaidh sin.

ROINN 5

**Torthaí a tharchur**

Tarchuirfear na torthaí laistigh de 20 mí ó dheireadh na bliana tagartha.

ROINN 6

**Tuarascálacha agus treoirstaidéir**

1. Cuirfidh na Ballstáit tuarascáil ar fáil don Choimisiún maidir le sainmhíniú, struchtúr agus infhaighteacht na sonraí staidrimh a bheidh le tiomsú chun críocha an mhodúil chomhchoitinn seo.

▼B

2. Do leibhéal an mhionsonraithe a chlúdaíonn an Iarscríbhinn seo, tionscnóidh an Coimisiún treoirstaidéir a chuirfidh údaráis náisiúnta de réir bhrí Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 322/97 i gcrích, de bhun Airteagal 5 den Rialachán seo.

3. Déanfar na treoirstaidéir chun measúnú a dhéanamh ar a ábhartha agus ar a indéanta atá sé sonraí a fháil, agus na buntáistí á gcur san áireamh a bhaineann lena mbeith ar fáil, le hais an chostais a bhaineann lena mbailiú agus le hais an ualaigh a chuirtear ar lucht gnó.

4. Déanfar treoirstaidéir i ndáil leis na saintréithe seo a leanas:

| Cód | Teideal |
|---|---|
| 13 31 0 | Costais pearsanra |
| | Onnmhairithe earraí agus seirbhísí |
| | Allmhairithe earraí agus seirbhísí |
| | Onnmhairithe inghrúpa earraí agus seirbhísí |
| | Allmhairithe inghrúpa earraí agus seirbhísí |
| 12 15 0 | Breisluach ar chostas fachtóra |
| 15 11 0 | Infheistiú comhlán in earraí inláimhsithe |

▼B

*IARSCRÍBHINN III*

**LEIBHÉIL DON FHAISNÉIS MHIONSONRACH DE RÉIR GEOGRAIFE AGUS DE RÉIR GNÍOMHAÍOCHTA**

| Leibhéil miondealaithe gheografaigh | Leibhéal 1 | | Leibhéal 2-AMACH (Leibhéal 1 + 24 tír) |
|---|---|---|---|
| V2 | Lasmuigh den AE-27 | D5 | Lasmuigh den AE-27 |
| | | IS | An Íoslainn |
| | | LI | Lichtinstéin |
| | | NO | An Iorua |
| CH | An Eilvéis | CH | An Eilvéis |
| ▼M2 | | | |
| ▼B | | | |
| RU | Cónaidhm na Rúise | RU | Cónaidhm na Rúise |
| | | TR | An Tuirc |
| | | EG | An Éigipt |
| | | MA | Maracó |
| | | NG | An Nigéir |
| | | ZA | An Afraic Theas |
| CA | Ceanada | CA | Ceanada |
| US | Stáit Aontaithe Mheiriceá | US | Na Stáit Aontaithe |
| | | MX | Meicsiceo |
| | | AR | An Airgintín |
| BR | An Bhrasaíl | BR | An Bhrasaíl |
| | | CL | An tSile |
| | | UY | Uragua |
| | | VE | Veiniséala |
| | | IL | Iosrael |
| CN | An tSín | CN | An tSín |
| HK | Hong Cong | HK | Hong Cong |
| IN | An India | IN | An India |
| | | ID | An Indinéis |
| JP | An tSeapáin | JP | An tSeapáin |
| | | KR | An Chóiré Theas |
| | | MY | An Mhalaeisia |
| | | PH | Na hOileáin Philipíneacha |
| | | SG | Singeapór |
| | | TW | An Téaváin |
| | | TH | An Téalainn |
| | | AU | An Astráil |
| | | NZ | An Nua-Shéalainn |
| Z8 | neamh-chionnroinnte lasmuigh den AE-27 | Z8 | neamh-chionnroinnte lasmuigh den AE-27 |
| C4 | Ionaid Airgeadais Eischósta | C4 | Ionaid Airgeadais Eischósta |
| Z7 | Comhrialú cothrom ag ARDanna (*) breis agus aon Bhallstáit amháin | Z7 | Comhrialú cothrom ag ARDanna (*) breis agus aon Bhallstáit amháin |

(*) Aonad institiúideach rialaithe deiridh fiontair chleamhnaithe choigríche

▼B

Leibhéal 2-ISTEACH

| | |
|---|---|
| A1 | An Domhan mór (na haonáin uile, an tír tiomsaithe san áireamh) |
| Z9 | An chuid eile den Domhan (gan an tír tiomsaithe a chur san áireamh) |
| A2 | Á rialú ag an tír tiomsaithe |
| V1 | AE-27 (laistigh den AE-27) gan an tír tiomsaithe a chur san áireamh |
| BE | An Bheilg |
| BG | An Bhulgáir |
| CZ | Poblacht na Seice |
| DK | An Danmhairg |
| DE | An Ghearmáin |
| EE | An Eastóin |
| GR | An Ghréig |
| ES | An Spáinn |
| FR | An Fhrainc |

▼M2

| | |
|---|---|
| HR | Croatia |

▼B

| | |
|---|---|
| IE | Éire |
| IT | An Iodáil |
| CY | An Chipir |
| LV | An Laitvia |
| LT | An Liotuáin |
| LU | Lucsamburg |
| HU | An Ungáir |
| MT | Málta |
| NL | An Ísiltír |
| AT | An Ostair |
| PL | An Pholainn |
| PT | An Phortaingéil |
| RO | An Rómáin |
| SI | An tSlóivéin |
| SK | An tSlóvaic |
| FI | An Fhionlainn |
| SE | An tSualainn |
| UK | An Ríocht Aontaithe |
| Z7 | Comhrialú cothrom ag ARDanna (*) breis agus aon Bhallstáit amháin |
| V2 | Lasmuigh den AE-27 |
| AU | An Astráil |
| CA | Ceanada |
| CH | An Eilvéis |
| CN | An tSín |
| HK | Hong Cong |
| IL | Iosrael |
| IS | An Íoslainn |
| JP | An tSeapáin |
| LI | Lichtinstéin |
| NO | An Iorua |
| NZ | An Nua-Shéalainn |
| RU | Cónaidhm na Rúise |
| TR | An Tuirc |
| US | Na Stáit Aontaithe |
| C4 | Ionaid Airgeadais Eischósta |
| Z8 | Lasmuigh den AE-27neamh-chionnroinnte |

(*) Aonad institiúideach rialaithe deiridh fiontair chleamhnaithe choigríche.

▼B

Leibhéal 3

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| AD | Andóra | EE | An Eastóin (*) | KZ | An Chasacstáin | QA | Catar |
| AE | Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha | EG | An Éigipt | LA | An Daonphoblacht Dhaonlathach Laoch | RO | An Rómáin (*) |
| AF | An Afganastáin | ER | An Eiritré | LB | An Liobáin | RS | An tSeirbia |
| AG | Antigua agus Barbúda | ES | An Spáinn (*) | LC | St. Lucia | RU | Cónaidhm na Rúise |
| AI | Angaíle | ET | An Aetóip | LI | Lichtinstéin | RW | Ruanda |
| AL | An Albáin | FI | An Fhionlainn (*) | LK | Srí Lanca | SA | An Araib Shádach |
| AM | An Airméin | FJ | Fidsí | LR | An Libéir | SB | Oileáin Sholamón |
| AN | Aintillí na hÍsiltíre | FK | Oileáin Fháclainne (Malvinas) | LS | Leosóta | SC | Na Séiséil |
| AO | Angóla | FM | An Mhicrinéis, Stáit Chónaidhme na Micrinéise | LT | An Liotuáin (*) | SD | An tSúdáin |
| AQ | An Antartaice | FO | Oileáin Fharó | LU | Lucsamburg (*) | SE | An tSualainn (*) |
| AR | An Airgintín | FR | An Fhrainc (*) | LV | An Laitvia (*) | SG | Singeapór |
| AS | Samó Mheiriceá | GA | An Ghabúin | LY | Poblacht Arabach na Libia | SH | San Héilin |
| AT | An Ostair (*) | GD | Grenada | MA | Maracó | SI | An tSlóivéin (*) |
| AU | An Astráil | GE | An tSeoirsia | MD | Poblacht na Moldóive | SK | An tSlóvaic (*) |
| AW | Aruba | GG | Geansaí | ME | Montainéagró | SL | Siarra Leon |
| AZ | An Asarbaiseáin | GH | Gána | MG | Madagascar | SM | San Mairíne |
| BA | An Bhoisnia agus Heirseagaivéin | GI | Giobráltar | MH | Oileáin Marshall | SN | An tSeineagáil |
| BB | Barbadós | GL | An Ghraonlainn | MK [1] | Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine | SO | An tSomáil |
| BD | An Bhanglaidéis | GM | An Ghaimbia | ML | Mailí | SR | Suranam |
| BE | An Bheilg (*) | GN | An Ghuine | MM | Maenmar | ST | Sao Tome agus Principe |
| BF | Buircíne Fasó | GQ | An Ghuine Mheánchiorclach | MN | An Mhongóil | SV | An tSalvadóir |
| BG | An Bhulgáir (*) | GR | An Ghréig (*) | MO | Macau | SY | Poblacht Arabach na Siria |
| BH | Bairéin | GS | Seoirsia Theas agus Oileáin Sandwich Theas | MP | Na hOileáin Mháirianacha Thuaidh | SZ | An tSuasalainn |
| BI | An Bhurúin | GT | Guatamala | MR | An Mháratáin | TC | Oileáin na dTurcach agus Caicos |
| BJ | Beinin | GU | Guam | MS | Montsarat | TD | Sead |
| BM | Beirmiúda | GW | Guine Bhissau | MT | Málta (*) | TF | Na Críocha Francacha Theas |
| BN | Brúiné Darasalám | GY | An Ghuáin | MU | Oileán Mhuirís | TG | Tóga |
| BO | An Bholaiv | HK | Hong Cong | MV | Oileáin Mhaildíve | TH | An Téalainn |
| BR | An Bhrasaíl | HM | Oileán Heard agus Oileáin McDonald | MW | An Mhaláiv | TJ | An Táidsíceastáin |
| BS | Na Bahámaí | HN | Hondúras | MX | Meicsiceo | TK | Tócalá |
| BT | An Bhútáin | HR | An Chróit ►M2 (*) ◄ | MY | An Mhalaeisia | TM | An Tuircméanastáin |
| BV | Oileán Bouvet | HT | Háítí | MZ | Mósaimbíc | TN | An Túinéis |
| BW | An Bhotsuáin | HU | An Ungáir (*) | NA | An Namaib | TO | Tonga |
| BY | An Bhealarúis | ID | An Indinéis | NC | An Nua-Chaladóin | TP | Tíomór Thoir |
| BZ | An Bheilís | IE | Éire (*) | NE | An Nígir | TR | An Tuirc |

[1] Cód sealadach nach ndéanann difear d'ainmníocht chríochnaitheach na tíre atá le sannadh i ndiaidh don chaibidlíocht atá ar siúl faoi láthair sna Náisiúin Aontaithe a bheith tugtha i gcrích.

▼**B**

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CA | Ceanada | IL | Iosrael | NF | Oileán Norfolk | TT | Oileáin na Tríonóide agus Tobága |
| CC | Oileáin Cocos (Keeling) | IM | Oileán Mhanainn | NG | An Nigéir | TV | Tuvalu |
| CD | An Congó, Poblacht Dhaon-lathach an Chongó | IN | An India | NI | Nicearagua | TW | Téaváin na Síne |
| CF | Poblacht na hAfraice Láir | IO | Críoch Aigéan Indiach na Breataine | NL | An Ísiltír (*) | TZ | An Tansáin, Poblacht Aontaithe na Tansáine |
| CG | An Congó | IQ | An Iaráic | NO | An Iorua | UA | An Úcráin |
| CH | An Eilvéis | IR | An Iaráin, Poblacht Ioslamach na hIaráine | NP | Neipeal | UG | Uganda |
| CI | Côte d'Ivoire | IS | An Íoslainn | NR | Nárú | UK | An Ríocht Aontaithe (*) |
| CK | Oileáin Cook | IT | An Iodáil (*) | NU | Niue | UM | Oileáin Bheaga Fhorimeallacha na Stát Aontaithe |
| CL | An tSile | JE | Geirsí | NZ | An Nua-Shéalainn | US | Na Stáit Aontaithe |
| CM | Camarún | JM | Iamáice | OM | Oman | UY | Uragua |
| CN | An tSín | JO | An Iordáin | PA | Panama | UZ | An Úisbéiceastáin |
| CO | An Cholóim | JP | An tSeapáin | PE | Peiriú | VA | An Suí Naofa (Stát Chathair na Vata-cáine) |
| CR | Cósta Ríce | KE | An Chéinia | PF | Polainéis na Fraince | VC | San Uinseann agus na Greanáidíní |
| CU | Cúba | KG | An Chirgeastáin | PG | Nua-Ghuine Phapua | VE | Veiniséala |
| CV | Rinn Verde | KH | An Chambóid (Kampuchea) | PH | Na hOileáin Fhilipíneacha | VG | Oileáin Bhriot-anacha na Maighdean |
| CX | Oileán na Nollag | KI | Cireabaití | PK | An Phacastáin | VI | Oileáin na Maighdean, Na Stáit Aontaithe |
| CY | An Chipir (*) | KM | Oileáin Chomóra | PL | An Pholainn (*) | VN | Vítneam |
| CZ | Poblacht na Seice (*) | KN | San Críostóir-Nimheas | PN | Pitcairn | VU | Vanuatú |
| DE | An Ghearmáin (*) | KP | Daonphoblacht Dhaonlathach na Cóiré (An Chóiré Thuaidh) | PS | An Chríoch Phalaistíneach faoi Fhorghabháil | WF | Vailís agus Futúna |
| DJ | Djibouti | KR | Poblacht na Cóiré (An Chóiré Theas) | PT | An Phortaingéil (*) | WS | Samó |
| DK | An Danmhairg (*) | KW | Cuáit | PW | Palau | YE | Éimin |
| DM | Doiminice | KY | Oileáin Cayman | PY | Paragua | | |
| DO | An Phoblacht Dhoiminiceach | | | | | ZA | An Afraic Theas |
| DZ | An Ailgéir | | | | | ZM | An tSaimbia |
| EC | Eacuadór | Z8 | Lasmuigh den AE-25 neamh-chionn-roinnte | | | ZW | An tSiombáib |
| A2 | Rialaithe ag an tír tiomsaithe | Z7 | Comhrialú cothrom ag ARDanna (**) breis agus aon Bhallstáit amháin | | | | |

(*) Isteach amháin
(**) Aonad institiúideach rialaithe deiridh fiontair chleamhnaithe choigríche

▼M1

**Activity breakdown levels 1 and 2 for outward statistics on foreign affiliates**

| Level 1 | Level 2 | NACE Rev. 2 |
|---|---|---|
| TOTAL ACTIVITY | TOTAL ACTIVITY | sec B to S (excluding O) |
| MINING AND QUARRYING | MINING AND QUARRYING | sec B |
| | Extraction of crude petroleum, natural gas and mining support service activities | div 06, 09 |
| MANUFACTURING | MANUFACTURING | sec C |
| | Food products, beverages and tobacco products | div 10, 11, 12 |
| | Total textiles and wood activities | div 13, 14, 16, 17, 18 |
| | Textiles and wearing apparel | div 13, 14 |
| | Wood, paper, printing and reproduction | div 16, 17, 18 |
| Petroleum, chemicals, pharmaceutical products, rubber and plastic products | Total petroleum, chemicals, pharmaceutical products, rubber and plastic products | div 19, 20, 21, 22 |
| | Coke and refined petroleum products | div 19 |
| | Chemicals and chemical products | div 20 |
| | Rubber and plastic products | div 22 |
| | Total metal and machinery products | div 24, 25, 26, 28 |
| | Basic metals and fabricated metal products | div 24, 25 |
| Computer, electronic and optical products | Computer, electronic and optical products | div 26 |
| | Machinery and equipment n.e.c. | div 28 |
| Vehicles, other transport equipment | Total vehicles and other transport equipment | div 29, 30 |
| | Motor vehicles, trailers and semi trailers | div 29 |
| | Other transport equipment | div 30 |
| | Total of other manufacturing | div 15, 23, 27, 31, 32, 33 |
| ELECTRICITY, GAS, STEAM AND AIR CONDITIONING SUPPLY | ELECTRICITY, GAS, STEAM AND AIR CONDITIONING SUPPLY | sec D |
| WATER SUPPLY; SEWERAGE, WASTE MANAGEMENT AND REMEDIATION ACTIVITIES | WATER SUPPLY; SEWERAGE, WASTE MANAGEMENT AND REMEDIATION ACTIVITIES | sec E |
| | Water collection, treatment and supply | div 36 |
| | Sewerage, waste management, remediation activities | div 37, 38, 39 |

▼M1

| Level 1 | Level 2 | NACE Rev. 2 |
|---|---|---|
| CONSTRUCTION | CONSTRUCTION | sec F |
| TOTAL SERVICES | TOTAL SERVICES | sec G, H, I, J, K, L, M, N, P, Q, R, S |
| WHOLESALE AND RETAIL TRADE; REPAIR OF MOTOR VEHICLES AND MOTORCYCLES | WHOLESALE AND RETAIL TRADE; REPAIR OF MOTOR VEHICLES AND MOTORCYCLES | sec G |
| | Wholesale and retail trade and repair of motor vehicles and motorcycles | div 45 |
| | Wholesale trade, except of motor vehicles and motor-cycles | div 46 |
| | Retail trade, except of motor vehicles and motorcycles | div 47 |
| TRANSPORTATION AND STORAGE | TRANSPORTATION AND STORAGE | sec H |
| | TOTAL transport and storage | div 49, 50, 51, 52 |
| | Land transport and transport via pipelines | div 49 |
| | Water transport | div 50 |
| | Air transport | div 51 |
| | Warehousing and support activities for transportation | div 52 |
| | Postal and courier activities | div 53 |
| ACCOMMODATION AND FOOD SERVICE ACTIVITIES | ACCOMMODATION AND FOOD SERVICE ACTIVITIES | sec I |
| INFORMATION AND COMMUNICATION | INFORMATION AND COMMUNICATION | sec J |
| | Motion picture, video, television programme production, other entertainment activities | div 59, 60 |
| | Telecommunications | div 61 |
| | Other information and communication activities | div 58, 62, 63 |
| FINANCIAL AND INSU-RANCE ACTIVITIES | FINANCIAL AND INSURANCE ACTIVITIES | sec K |
| | Financial intermediation, except insurance and pension funding | div 64 |
| | — Activities of holding companies | group 64.2 |
| | Insurance, reinsurance and pension funding, except compulsory social security | div 65 |
| | Other financial activities | div 66 |
| | REAL ESTATE ACTIVITIES | sec L |

▼M1

| Level 1 | Level 2 | NACE Rev. 2 |
|---|---|---|
| PROFESSIONAL, SCIENTIFIC AND TECHNICAL ACTIVITIES | PROFESSIONAL, SCIENTIFIC AND TECHNICAL ACTIVITIES | sec M |
| | Legal and accounting activities | div 69 |
| | — Legal activities | group 69.1 |
| | — Accounting, bookkeeping and auditing activities; tax consultancy | group 69.2 |
| | Activities of head offices; management consultancy activities | div 70 |
| | — Activities of head offices | group 70.1 |
| | — Management consultancy activities | group 70.2 |
| | Architecture and engineering activities; technical testing and analysis | div 71 |
| Scientific research and development | Scientific research and development | div 72 |
| | Advertising and market research | div 73 |
| | — Advertising | group 73.1 |
| | — Market research and public opinion polling | group 73.2 |
| | Other professional, scientific and technical activities, veterinary activities | div 74, 75 |
| | ADMINISTRATIVE AND SUPPORT SERVICE ACTIVITIES | sec N |
| | Rental and leasing activities | div 77 |
| | Other administrative and support service activities | div 78, 79, 80, 81, 82 |
| | EDUCATION | sec P |
| | HUMAN HEALTH AND SOCIAL WORK ACTIVITIES | sec Q |
| ARTS, ENTERTAINMENT AND RECREATION | ARTS, ENTERTAINMENT AND RECREATION | sec R |
| | Creative, arts and entertainment activities | div 90 |
| | Libraries, archives, museums and other cultural activities | div 91 |
| | Sporting and other recreational activities; gambling and betting activities | div 92, 93 |
| | OTHER SERVICE ACTIVITIES | sec S |
| | Activities of membership organisations | div 94 |
| | Repair of computers and personal and household goods, other personal service activities | div 95, 96 |
| | Not allocated | |

▼M1

**Activity breakdown level 3 for inward statistics on foreign affiliates**

| Level 3 (NACE Rev. 2) | |
|---|---|
| Heading | Requested level of detail |
| Business Economy | Sections B to N excluding K |
| MINING AND QUARRYING | Section B |
| MANUFACTURING | Section C |
| | All divisions 10 to 33 |
| ELECTRICITY, GAS, STEAM AND AIR CONDITIONING SUPPLY | Section D |
| | Division 35 |
| WATER SUPPLY; SEWERAGE, WASTE MANAGEMENT AND REMEDIATION ACTIVITIES | Section E |
| | All divisions 36 to 39 |
| CONSTRUCTION | Section F |
| | All divisions 41 to 43 |
| | All groups 41.1 and 41.2, 42.1 to 42.9, 43.1 to 43.9 |
| WHOLESALE AND RETAIL TRADE; REPAIR OF MOTOR VEHICLES AND MOTOCYCLES | Section G |
| | All divisions 45 to 47 |
| | All groups 45.1 to 45.2, 46.1 to 46.9, 47.1 to 47.9 |
| TRANSPORTATION AND STORAGE | Section H |
| | All divisions 49 to 53 |
| | Groups 49.1 to 49.5 |
| ACCOMMODATION AND FOOD SERVICES ACTIVITIES | Section I |
| | All divisions 55 to 56 |
| | All groups 55.1 to 55.9, 56.1 to 56.3 |
| INFORMATION AND COMMUNICATION | Section J |
| | All divisions 58 to 63 |
| | Groups 58.1, 58.2, 63.1, 63.9 |
| FINANCIAL AND INSURANCE ACTIVITIES | Section K |
| | All divisions 64 to 66 |
| REAL ESTATE ACTIVITIES | Section L |
| | Division 68 |
| PROFESSIONAL, SCIENTIFIC AND TECHNICAL ACTIVITIES | Section M |
| | All divisions 69 to 75 |
| ADMINISTRATIVE AND SUPPORT SERVICE ACTIVITIES | Section N |
| | All divisions 77 to 82 |
| | Groups 77.1 to 77.4 |